2023/2518

13.11.2023

**CINNEADH (AE) 2023/2518 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 9 Samhain 2023**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 0, 14, 16, 17, 24, 43, 48, 53, 74, 86, 90, 94, 95, 100, 122, 129, 134, 135, 137, 145, 149, 153, 154, 157, 160, 161 agus 162 ó na Náisiúin Aontaithe, maidir le tograí le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le taifeadáin sonraí teagmhais le haghaidh feithiclí tromshaothair, agus le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le srianta sábháilteachta linbh le haghaidh iompar níos sábháilte leanaí i mbusanna, agus maidir le togra le haghaidh leasú ar rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle [1], d'aontaigh an tAontas Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le glacadh saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha d'fheithiclí rothacha, do threalamh agus do pháirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus ar na coinníollacha maidir le ceadanna arna ndeonú ar bhonn na saintreoracha sin a aithint go frithpháirteach ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958'). Tháinig Comhaontú Athbhreithnithe 1958 i bhfeidhm an 24 Márta 1998.

(2) Le Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle [2], d'aontaigh an tAontas don Chomhaontú maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a bhunú d'fheithiclí rothacha, do threalamh agus do pháirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar'). Tháinig an Comhaontú Comhthreomhar i bhfeidhm an 15 Feabhra 2000.

(3) Le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3], leagtar síos forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú agus cur ar an margadh gach feithicle nua, gach córais nua, gach comhpháirte nua agus gach aonaid theicniúil nua ar leithligh. Ionchorpraíonn an Rialachán sin rialacháin arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 ('rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe') i gcóras cineálcheadaithe an Aontais, mar cheanglais maidir le cineálcheadú nó mar roghanna malartacha ar reachtaíocht an Aontais.

(4) De bhun Airteagal 1 de Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus Airteagal 6 den Chomhaontú Comhthreomhar, féadfaidh Fóram Domhanda UNECE um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí (WP.29) tograí a ghlacadh le haghaidh modhnuithe ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, rialacháin theicniúla dhomhanda (RTDanna) ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin ó na Náisiúin Aontaithe agus tograí le haghaidh rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le feithiclí a cheadú. Thairis sin, de bhun na bhforálacha sin, féadfaidh WP.29 UNECE tograí a ghlacadh le haghaidh údaruithe chun leasuithe ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt nó chun RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt, agus féadfaidh sé tograí a ghlacadh chun síntí a chur leis na sainorduithe le haghaidh RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe.

---

(1) Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le glacadh saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha d'fheithiclí rothacha, do threalamh agus do pháirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus ar na coinníollacha maidir le ceadanna arna ndeonú ar bhonn na saintreoracha sin a aithint go frithpháirteach ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958') (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

(2) Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a bhunú d'fheithiclí rothacha, do threalamh agus do pháirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar') (IO L 35, 10.2.2000, lch. 12).

(3) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

(5) Ón 14 go dtí an 16 Samhain 2023, le linn a 191ú seisiún dá chuid, féadfaidh WP.29 an méid seo a leanas a ghlacadh: tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 0, 14, 16, 17, 24, 43, 48, 53, 74, 86, 90, 94, 95, 100, 122, 129, 134, 135, 137, 145, 149, 153, 154, 157, 160, 161 agus 162 ó na Náisiúin Aontaithe; tograí le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le taifeadáin sonraí teagmhais le haghaidh feithiclí tromshaothair, agus le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le srianta sábháilteachta linbh chun leanaí a iompar i mbusanna ar bhealach níos sábháilte; agus togra le haghaidh leasú ar rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe.

(6) Beidh na rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe ina gceangal ar an Aontas. In éineacht leis an rún ó na Náisiúin Aontaithe, imreoidh siad tionchar cinntitheach ar inneachar dhlí an Aontais i réimse chineálcheadú na bhfeithiclí. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.29 a bhunú maidir le glacadh na dtograí sin.

(7) Chun forbairtí teicniúla agus taithí a chur san áireamh, is gá na ceanglais maidir le gnéithe áirithe a chumhdaítear le Rialacháin Uimh. 0, 14, 16, 17, 24, 43, 48, 53, 74, 86, 90, 94, 95, 100, 122, 129, 134, 135, 137, 145, 149, 153, 154, 157, 160, 161 agus 162 ó na Náisiúin Aontaithe, agus le rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe, a leasú nó a fhorlíonadh.

(8) Chun dul chun cinn teicniúil a éascú agus chun an tsábháilteacht a fheabhsú, ní mór rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le taifeadáin sonraí teagmhais le haghaidh feithiclí tromshaothair a ghlacadh, agus rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le srianta sábháilteachta linbh chun leanaí a iompar i mbusanna ar bhealach níos sábháilte a ghlacadh.

(9) Tá na tograí sin i gcomhréir le beartas margaidh inmheánaigh an Aontais maidir leis an tionscal mótarfheithiclí maidir le sábháilteacht, uathoibriú agus astaíochtaí, chomh maith lena bheartais iompair, aeráide agus fuinnimh agus beidh tionchar an-dearfach acu ar iomaíochas earnáil mótarfheithiclí an Aontais agus ar thrádáil idirnáisiúnta.

(10) I bhfianaise na dtairbhí sin, moltar vótáil i bhfabhar na dtograí sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i bhFóram Domhanda UNECE um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí, le linn an 191ú seisiún a thionólfar idir an 14 agus an 16 Samhain 2023, vótáil i bhfabhar na dtograí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

N. CALVIÑO SANTAMARÍA

*IARSCRÍBHINN*

| Rialachán Uimh. | Teideal mhír an chláir oibre | Tagairt don doiciméad [1] |
|---|---|---|
| 0 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 0 ó na Náisiún Aontaithe (IWVTA) (ECE/TRANS/WP.29/1173 mír 85 bunaithe ar WP.29-190-16) | ECE/TRANS/WP.29/2023/90 |
| 14 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfaidh le Sraith Leasuithe 09 de Rialachán Uimh. 14 ó na Náisiúin Aontaithe (Ancaireachtaí criosanna sábhála) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 11, bunaithe ar GRSP-73-09-Rev.1 mar a atáirgtear le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/113 |
| 16 | Togra le haghaidh sraith leasuithe 09 ar Rialachán Uimh. 16 ó na Náisiúin Aontaithe (Criosanna sábhála) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/73, míreanna 16–19, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/9 arna leasú le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an tuarascáil, ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/3 arna leasú le mír 17 a ghabhann leis an tuarascáil, ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/15 arna leasú le mír 18 a ghabhann leis an tuarascáil agus ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/17 arna leasú le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/105 |
| 16 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 5 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 08 ar Rialachán Uimh. 16 ó na Náisiúin Aontaithe (Criosanna sábhála) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/73, míreanna 17 agus 18, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/3, arna leasú le mír 17 den tuarascáil agus ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/15 arna leasú le mír 18 a ghabhann leis an tuarascáil | ECE/TRANS/WP.29/2023/114 |
| 17 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 11 ar Rialachán Uimh. 17 (Láidre suíochán) ó na Náisiúin Aontaithe (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 21, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/5 arna leasú le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/106 |
| 24 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 11 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 24 ó na Náisiúin Aontaithe (Truailleáin infheicthe, cumhacht inneall adhainte comhbhrú a thomhas (Deatach díosail)) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/89, mír 46, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/18, GRPE-89-18, arna leasú le hIarscríbhinn IV) | ECE/TRANS/WP.29/2023/126 |
| 43 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 11 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 43 ó na Náisiúin Aontaithe (Gloiniú sábháilteachta) (ECE/TRANS/WP.29/GRSG/104, mír 8, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2023/7, arna leasú le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/99 |
| 48 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 19 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 48 ó na Náisiún Aontaithe (suiteáil gaireas soilsiúcháin agus gaireas solaschomharthaíochta) ECE/TRANS/WP.29/GRE/88, míreanna 18 agus 25, bunaithe ar GRE-88-17 agus GRE-88-25-Rev.1 | ECE/TRANS/WP.29/2023/94 |
| 48 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 6 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 07 ar Rialachán Uimh. 48 ó na Náisiún Aontaithe (suiteáil gaireas soilsiúcháin agus gaireas solaschomharthaíochta) ECE/TRANS/WP.29/GRE/88, míreanna. 18 agus 25, bunaithe ar GRE-88-17 agus GRE-88-25-Rev.1 | ECE/TRANS/WP.29/2023/95 |
| 48 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 08 ar Rialachán Uimh. 48 ó na Náisiún Aontaithe (suiteáil gaireas soilsiúcháin agus gaireas solaschomharthaíochta) ECE/TRANS/WP.29/GRE/88, míreanna. 18 agus 25, bunaithe ar GRE-88-17 agus GRE-88-25-Rev.1 | ECE/TRANS/WP.29/2023/96 |

| | | |
|---|---|---|
| 53 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 53 ó na Náisiúin Aontaithe 'Suiteáil gaireas soilsiúcháin agus gaireas solaschomharthaíochta le haghaidh fheithiclí L3' ECE/TRANS/WP.29/GRE/88, mír 10, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRE/2023/4 | ECE/TRANS/WP.29/2023/91 |
| 74 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 74 'Suiteáil gaireas soilsiúcháin agus gaireas solaschomharthaíochta le haghaidh móipéidí' ó na Náisiúin Aontaithe ECE/TRANS/WP.29/GRE/88, mír 10, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRE/2023/5 | ECE/TRANS/WP.29/2023/92 |
| 86 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 86 ó na Náisiúin Aontaithe 'Suiteáil gaireas soilsiúcháin agus gaireas solaschomharthaíochta le haghaidh feithiclí talmhaíochta' ECE/TRANS/WP.29/GRE/88, mír 10, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRE/2023/6 | ECE/TRANS/WP.29/2023/93 |
| 90 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 12 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 90 ó na Náisiúin Aontaithe (Páirteanna ionadacha le haghaidh coscán) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/16, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2023/11 | ECE/TRANS/WP.29/2023/129 |
| 90 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 11 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 90 ó na Náisiúin Aontaithe (Páirteanna ionadacha le haghaidh coscán) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/16, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2023/12, arna leasú le GRVA-16-14 | ECE/TRANS/WP.29/2023/130 |
| 94 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 94 ó na Náisiún Aontaithe (Imbhualadh tosaigh) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 23, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/22 arna leasú le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/107 |
| 95 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiún Aontaithe (Imbhualadh taobhaí) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 25, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/18 arna leasú le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/108 |
| 95 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe (Imbhualadh taobhaí) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 24, bunaithe ar GRSP-73-44, mar a atáirgtear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/116 |
| 95 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe (Imbhualadh taobhaí) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 24, bunaithe ar GRSP-73-45, mar a atáirgtear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/117 |
| 100 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 5 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 100 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí a bhfuil gléasra cumhachta leictreach iontu) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 28, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/23, arna leasú le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/118 |
| 100 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 100 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí a bhfuil gléasra cumhachta leictreach iontu) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 28, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/16, arna leasú le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil | ECE/TRANS/WP.29/2023/119 |

| | | |
|---|---|---|
| 100 | Togra le haghaidh Cheartúchán 1 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 100 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí a bhfuil gléasra cumhachta leictreach iontu) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 31, bunaithe ar GRSP-73-55, mar a atáirgtear in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/133 |
| 122 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 7 a ghabhfadh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 122 ó na Náisiúin Aontaithe (Córais téimh) (ECE/TRANS/WP.29/GRSG/104, mír 24, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2023/8, arna leasú le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil | ECE/TRANS/WP.29/2023/100 |
| 129 | Togra le haghaidh sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe (Srianta Feabhsaithe Sábháilteachta Linbh) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/73, míreanna 33 – 35, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/13 arna leasú le hIarscríbhinn VIII a ghabhann leis an tuarascáil, ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/11 arna leasú le hIarscríbhinn VIII a ghabhann leis an tuarascáil, ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/14 arna leasú le mír 35 a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/109 |
| 129 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 10 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe (Srianta Feabhsaithe Sábháilteachta Linbh) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/73, míreanna 34 agus 35, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/11, arna leasú le hIarscríbhinn VIII a ghabhann leis an tuarascáil agus ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/14 arna leasú le mír 35 a ghabhann leis an tuarascáil | ECE/TRANS/WP.29/2023/120 |
| 134 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 134 ó na Náisiúin Aontaithe (Feithiclí hidrigine agus breosla-chille) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 37, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/8 arna leasú le GRSP-73-54) | ECE/TRANS/WP.29/2023/110 |
| 135 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfadh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 135 ó na Náisiúin Aontaithe (Imbhualadh taobhaí cuaille) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 38, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/24, arna leasú le hIarscríbhinn IX a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/121 |
| 135 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 135 ó na Náisiúin Aontaithe (Imbhualadh taobhaí cuaille) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 38, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/24, arna leasú le hIarscríbhinn IX a ghabhann leis an tuarascáil | ECE/TRANS/WP.29/2023/122 |
| 135 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 135 ó na Náisiúin Aontaithe (Imbhualadh taobhaí cuaille) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 38, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/19, arna leasú le hIarscríbhinn IX a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/123 |
| 137 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 137 ó na Náisiúin Aontaithe (Imbhualadh tosaigh agus an bhéim ar chórais srianta) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 40, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/20, arna leasú le hIarscríbhinn X. | ECE/TRANS/WP.29/2023/111 |
| 145 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 145 ó na Náisiúin Aontaithe (Córais ancaireachta ISOFIX, ancaireachtaí ar teaghrán uachtaracha ISOFIX agus ionaid suí i-Size) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 43, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/12 arna leasú le hIarscríbhinn XI a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/112 |

| | | |
|---|---|---|
| 145 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfaidh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 145 ó na Náisiúin Aontaithe (Córais ancaireachta ISOFIX, ancaireachtaí ar teaghrán uachtaracha ISOFIX agus ionaid suí i-Size) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 42, bunaithe ar GRSP-73-25-Rev.1 mar a atáirgtear le hIarscríbhinn XI a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/124 |
| 149 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 149 ó na Náisiúin Aontaithe (Gairis soilsiúcháin bóthair) ECE/TRANS/WP.29/GRE/88, míreanna 25 agus 31, bunaithe ar GRE-88-25-Rev.1 agus GRE-88-09 | ECE/TRANS/WP.29/2023/97 |
| 153 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 153 ó na Náisiúin Aontaithe (Sláine an chórais breosla agus sábháilteacht an ghléasra cumhachta leictrigh i gcás imbhualadh deiridh) (ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 44, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/21, arna leasú le hIarscríbhinn XII a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/125 |
| 154 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe (WLTP) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/89, mír 25, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/16, GRPE-89-16-Rev.1 arna leasú le hAguisín | ECE/TRANS/WP.29/2023/127 |
| 154 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe (WLTP) (ECE/TRANS/WP.29/GRPE/89, mír 26, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2023/17, GRPE-89-17-Rev.1 agus le linn an tseisiúin arna leasú le hAguisín 2) | ECE/TRANS/WP.29/2023/128 |
| 157 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhann leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 157 ó na Náisiún Aontaithe (Córas Uathoibrithe Coimeádta Lána) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/16, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2023/8, arna leasú le GRVA-16-42 | ECE/TRANS/WP.29/2023/131 |
| 157 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 157 ó na Náisiúin Aontaithe (Córas Uathoibrithe Coimeádta Lána) ECE/TRANS/WP.29/GRVA/16, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2023/8, arna leasú le GRVA-16-42 | ECE/TRANS/WP.29/2023/132 |
| 160 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 160 ó na Náisiúin Aontaithe (Taifeadán Sonraí Teagmhais) (ECE/TRANS/WP.29/GRSG/104, mír 30, bunaithe ar GRSG-125-02-Rev.2, mar a atáirgtear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/98/ Rev.1 |
| 160 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfadh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 160 ó na Náisiúin Aontaithe (Taifeadán Sonraí Teagmhais) (ECE/TRANS/WP.29/GRSG/104, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2023/11, arna leasú le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/101 |
| 160 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfaidh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 160 ó na Náisiúin Aontaithe (Taifeadán Sonraí Teagmhais) (ECE/TRANS/WP.29/GRSG/104, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2023/15, arna leasú le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/102 |

| | | |
|---|---|---|
| 161 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfaidh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 161 ó na Náisiúin Aontaithe (Gairis i gcoinne Úsáid Neamhúdaraithe) (ECE/TRANS/WP.29/GRSG/104, mír. 20, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2023/3, gan leasú) | ECE/TRANS/WP.29/2023/103 |
| 162 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 5 a ghabhfaidh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 162 ó na Náisiúin Aontaithe (Baic Dhúisithe) (ECE/TRANS/WP.29/GRSG/104, mír. 21, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2023/4, arna leasú le mír 21 den tuarascáil) | ECE/TRANS/WP.29/2023/104 |
| Rialachán nua | Togra le haghaidh Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Faomhadh Taifeadán Sonraí Teagmhais le haghaidh Feithiclí Tromshaothair (ECE/TRANS/WP.29/WP.29/GRSG/104, mír 35, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2023/13, arna leasú le GRSG-125-07 | ECE/TRANS/WP.29/2023/134/Rev.1 |
| Rialachán nua | Togra le haghaidh Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Faomhadh Srianta Sábháilteachta Linbh chun Leanaí a Iompar i mBusanna ar bhealach níos sábháilte ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 49, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2023/2, arna leasú le GRSP-73-04-Rev.1 | ECE/TRANS/WP.29/2023/135 |

([1]) Tá na doiciméid uile dá dtagraítear sa tábla ar fáil ag: (WP.29) An Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí (191ú seisiún) | UNECE

| Nithe ilghnéitheacha | Teideal mhír an chláir oibre | Tagairt don doiciméad |
|---|---|---|
| Rún | Togra le haghaidh Leasú 1, Aguisín 2 a ghabhfadh le Rún Frithpháirteach Uimh. 1 (M.R.1) ECE/TRANS/WP.29/GRSP/73, mír 46, bunaithe ar GRSP-73-48 | ECE/TRANS/WP.29/2023/136 |
| Moladh | Togra le haghaidh nuashonrú ar Mholtaí maidir le Cibearshlándáil Feithicleach agus Nuashonruithe Bogearraí ECE/TRANS/WP.29/GRVA/16, bunaithe ar GRVA-16-15 | ECE/TRANS/WP.29/2023/87 |
| Treoraíocht | Togra le haghaidh leasuithe ar Threoraíocht maidir le Gnéithe Feidhmíochta Taifeadán Sonraí Teagmhais atá Oiriúnach le haghaidh Glactha sna Rúin nó Rialacháin maidir le Comhaontú 1958 agus 1998 (ECE/TRANS/WP.29/GRSG/104, mír 27, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2023/12, arna leasú le mír 28 den tuarascáil, ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2021/32 agus GRSG-122-35) | ECE/TRANS/WP.29/2023/88 |
| Údarú | Údarú athbhreithnithe chun RTD ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt maidir le hAstaíochtaí Domhanda Fíorthiomána (RDEnna) | ECE/TRANS/WP.29/AC.3/54/Rev.2 |
| Údarú | Iarraidh ar údarú chun RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt maidir le marthanacht ceallraí infheithicle le haghaidh feithiclí tromshaothair leictrithe | ECE/TRANS/WP.29/AC.3/60 |